

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

3 Iúil 2020



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh (AE) 2020/947 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlímitéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh 1
- ★ Cinneadh (AE) 2020/948 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú um an gComhlímitéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais 3
- ★ Cinneadh (AE) 2020/949 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlímitéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh 5
- ★ Cinneadh (AE) 2020/950 ón gComhairle An 26 Meitheamh 2020 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh 6
- ★ Cinneadh (AE) 2020/951 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú um an gComhlímitéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais 8
- ★ Cinneadh (AE) 2020/952 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais 10

GA

* Faoin tagairt L 212 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

- ★ Cinneadh (AE) 2020/953 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais 12

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir leis an bhfógra a thabhairt faoi rannpháirtíocht shaorálach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ón 1 Eanáir 2021 agus an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023 14
- ★ Cinneadh (CBES) 2020/955 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2020 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) 18

Ceartúchán

- ★ Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil (IO L 150, 7.6.2019) (IO L 0, 7.6.2019) 20

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2020/947 ÓN GCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2020

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1389 ón gComhairle ⁽²⁾, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive ⁽³⁾, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ("an Prótacal"), faoi réir a thabhairt i gcrích.
- (2) Ba cheart go ndéanfaí an Prótacal a fhorghníomhú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ⁽⁴⁾, formheastar é leis seo thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit.

Airteagal 2

Déantar Uachtarán na Comhairle a údarú leis seo chun an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh de chumhacht aige nó aici nó acu, thar ceann an Aontais agus a chuid Ballstát, an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Phrótacal a thaisceadh.

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle (EU) 2015/1389 an 7 Bealtaine 2015 maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 215, 14.8.2015, lch. 1).

⁽³⁾ Níl téacs an Chomhaontaithe seo ann sa Ghaeilge

⁽⁴⁾ Níl téacs an Phrotacail ann sa Ghaeilge

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

CINNEADH (AE) 2020/948 ÓN gCOMHAIRLE
an 26 Meitheamh 2020

maidir leis an gComhaontú um an gComhlímistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fómhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoilíú Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an Coimisiún tar éis an Comhaontú um an gComhlímistéar Eitlíochta a chaibidil, thar ceann an Aontais Eorpach agus a chuid Ballstát, leis an tSeoirsia (an 'Comhaontú') i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaráítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht.
- (2) Síníodh an Comhaontú an 2 Nollaig 2010, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh 2012/708/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpach, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ⁽²⁾.
- (3) Dhaingnigh gach Ballstát an Comhaontú, seachas Poblacht na Cróite. Aontaíonn Poblacht na Cróite don Chomhaontú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Ionstraim Aontachais atá i gceangal le Conradh Aontachais an 5 Nollaig 2011. Síníodh Prótocal ábhartha Aontachais Phoblacht na Cróite i mí na Samhna 2014.
- (4) Ba cheart an Comhaontú a fhorghnóthú thar ceann an Aontais.
- (5) Áirítear, in Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2012/708/AE, forálacha áirithe maidir le cinnteoireacht agus ionadaíocht i dtaca le hábhair éagsúla a leagtar amach sa Chomhaontú. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais Eorpaí an 28 Aibreán 2015 i gcás C-28/12 ⁽³⁾, ba cheart deireadh a chur le cur i bhfeidhm cuid de na forálacha sin. Ag féachaint do na Conarthaí, níl gá le forálacha nua maidir leis na hábhair sin ná le forálacha maidir le hoibleagáidí faisnéise na mBallstát. Dá thoradh sin, ba cheart go scoirfeadh míreanna 2 go 5 d'Airteagal 3 agus Airteagal 4 agus 5 de Chinneadh 2012/708/AE d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an Comhaontú um an gComhlímistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile (an "Comhaontú") a fhorghnóthú leis seo thar ceann an Aontais ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ Toilíú an 17 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh 2012/708/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 15 Deireadh Fómhair 2010, maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlímistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile (IO L 321, 20.11.2012, lch. 1).

⁽³⁾ ECLI:EU:C:2015:282.

⁽⁴⁾ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 321, 20.11.2012, lch. 3, in éineacht leis an gcinneadh maidir le síniú.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Chomhaontú.

Airteagal 3

An seasamh atá le glacadh ag an Aontas a mhéid a bhaineann le cinní an Chomhchoiste faoi Airteagal 22 den Chomhaontú, maidir le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn III (Rialacha is infheidhme maidir le heitlíocht shibhialta) a ghabhann leis an gComhaontú, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá, glacfaidh an Coimisiún é tar éis dó é a chur faoi bhráid na Comhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin le haghaidh comhairliúcháin, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle.

Airteagal 4

Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 go 5 d'Airteagal 3 agus Airteagail 4 agus 5 de Chinneadh 2012/708/AE ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A.METELKO-ZGOMBIĆ

CINNEADH (AE) 2020/949 ÓN gCOMHAIRLE
an 26 Meitheamh 2020

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh 2014/928/AE ón gComhairle ⁽²⁾, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ⁽³⁾, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ("an Prótacal"), faoi réir a thabhairt i gcrích.
- (2) Ba cheart an Prótacal a fhorghnó,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ⁽⁴⁾, formheastar é leis seo thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit.

Airteagal 2

Déantar Uachtarán na Comhairle a údarú leis seo chun an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh de chumhacht aige nó aici nó acu an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Phrótacal a thaisceadh thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A.METELKO-ZGOMBIĆ

⁽¹⁾ Toiliú an 28 Aibreán 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh 2014/928/AE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 365, 19.12.2014, lch. 1).

⁽³⁾ Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L 321, 20.11.2012, lch. 3.

⁽⁴⁾ Foilsíodh téacs an Phrótacail in IO L 365, 19.12.2014, lch. 3, in éineacht leis an gcinneadh maidir lena shíniú.

CINNEADH (AE) 2020/950 ÓN gCOMHAIRLE**An 26 Meitheamh 2020****maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fómhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/372 ón gComhairle ⁽²⁾, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile ⁽³⁾, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ("an Prótacal"), faoi réir a thabhairt i gcrích.
- (2) Ba cheart an Prótacal a fhorghnó,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ⁽⁴⁾, formheastar é leis seo thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit.*Airteagal 2*

Déantar Uachtarán na Comhairle a údarú leis seo chun an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh de chumhacht aige nó aici nó acu an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Phrótacal a thaisceadh thar ceann an Aontais agus a Ballstáit.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ Toiliú an 28 Aibreán 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2015/372 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 64, 7.3.2015, lch.1).

⁽³⁾ Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L 208, 2.8.2013, lch. 3.

⁽⁴⁾ Foilsíodh téacs an Phrótacail in IO L 64, an 7 Márta 2015, in éineacht leis an gcinneadh maidir lena shíniú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2020

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. METELKO-ZGOMBIĆ

CINNEADH (AE) 2020/951 ÓN gCOMHAIRLE
an 26 Meitheamh 2020

maidir leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive ⁽²⁾ (an "Comhaontú") an 26 Meitheamh 2012, faoi réir a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le Cinneadh 2012/639/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ⁽³⁾.
- (2) Dhaingnigh gach Ballstát an Comhaontú seachas Poblacht na Cróite, a aontaíonn don Chomhaontú i gcomhréir le hIonstraim Aontachais 2012. An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ⁽⁴⁾, síníodh é an 22 Iúil 2015 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1389 ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.
- (4) Áirítear, in Airteagail 4 agus 5 de Chinneadh 2012/639/AE, forálacha maidir le cinnteoireacht agus ionadaíocht i dtaca le hábhair éagsúla a leagtar amach sa Chomhaontú. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 28 Aibreán 2015 i gCás C-28/12 ⁽⁶⁾, *Coimisiún v Comhairle*, ba cheart deireadh a chur le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin. Ag féachaint do na Conarthaí, níl gá le forálacha nua maidir leis na hábhair sin agus níl gá a thuilleadh leis na forálacha a bhaineann le faisnéis a sholáthar don Choimisiún a leagtar amach in Airteagal 6 de Chinneadh 2012/639/AE. Dá thoradh sin, ba cheart míreanna 2 go 5 d'Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Chinneadh 2012/639/AE scor d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit agus Poblacht na Moldóive a fhormheas leis seo thar ceann an Aontais ⁽⁷⁾.

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO L 292, 20.10.2012, lch. 3.

⁽³⁾ Cinneadh 2012/639/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 7 Meitheamh 2012, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive (IO L 292, 20.10.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ IO L 215, 14.8.2015, lch. 3.

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2015/1389 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 215, 14.8.2015, lch. 1).

⁽⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Aibreán 2015, *Coimisiún v Comhairle*, Cás C-28/12, ECLI:EU:C:2015:282.

⁽⁷⁾ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 292, 20.10.2012, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 29(1) den Chomhaontú.

Airteagal 3

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le cinntí an Chomhchoiste faoi phointe (a) d'Airteagal 26(7) den Chomhaontú maidir le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá, cuirfidh an Coimisiún in iúl é, tar éis dó é a chur faoi bhráid na Comhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin le haghaidh comhairliúcháin, de réir mar a chinneadh an Chomhairle.

Airteagal 4

Scoirfidh míreanna 2 go 5 d'Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Chinneadh 2012/639/AE d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh/déanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A.METELKO-ZGOMBIĆ

CINNEADH (AE) 2020/952ÓN GCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2020

maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, ⁽²⁾ (an "Comhaontú") an 10 Meitheamh 2013, faoi réir a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le Cinneadh 2013/398/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ⁽³⁾.
- (2) Dhaingnigh gach Ballstát an Comhaontú seachas Poblacht na Cróite, a aontaíonn don Chomhaontú i gcomhréir le hIonstraim Aontachais 2012. An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ⁽⁴⁾, síníodh é an 19 Feabhra 2015 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/372 ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhorghníomhú thar ceann an Aontais.
- (4) Ba cheart an Comhaontú a chur chun feidhme i gcomhréir le seasamh an Aontais nach cuid de chríoch Stát Iosrael na críocha sin a tháinig faoi riarachán Iosrael i mí Mheithimh 1967.
- (5) Áirítear, in Airteagail 4 agus 5 de Chinneadh 2013/398/AE, forálacha áirithe maidir le cinnteoireacht agus ionadaíocht i dtaca le hábhair éagsúla a leagtar amach sa Chomhaontú. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 28 Aibreán 2015 i gCás C-28/12 ⁽⁶⁾, *Coimisiún v Comhairle*, ba cheart deireadh a chur le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin. Ag féachaint do na Conarthaí, níl gá le forálacha nua maidir leis na hábhair sin agus níl gá a thuilleadh leis na forálacha a bhaineann le faisnéis a sholáthar don Choimisiún a leagtar amach in Airteagal 6 de Chinneadh 2013/398/AE. Dá thoradh sin, ba cheart míreanna 2 go 5 d'Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Chinneadh 2013/398/AE scor d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a fhorghníomhú thar ceann an Aontais ⁽⁷⁾.

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO L 208, 2.8.2013, lch. 3.

⁽³⁾ Cinneadh 2013/398/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 20 Nollaig 2012, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile (IO L 208, 2.8.2013, lch. 1).

⁽⁴⁾ IO L 64, 7.3.2015, lch. 3.

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2015/372 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 64, 7.3.2015, lch. 1).

⁽⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Aibreán 2015, *Coimisiún v Comhairle*, Cás C-28/12, ECLI:EU:C:2015:282.

⁽⁷⁾ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 208, 2.8.2013, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 30(2) den Chomhaontú.

Airteagal 3

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le cinní an Chomhchoiste faoi phointe (a) d'Airteagal 27(6) den Chomhaontú maidir le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá, cuirfidh an Coimisiún in iúl é, tar éis dó é a chur faoi bhráid na Comhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin le haghaidh comhairliúcháin, de réir mar a chinneadh an Chomhairle.

Airteagal 4

Ba cheart míreanna 2 go 5 d'Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Chinneadh 2013/398/AE scor d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGCOMBIĆ

CINNEADH (AE) 2020/953 ÓN GCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2020

maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fómhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile ⁽²⁾, (an "Comhaontú") an 15 Nollaig 2010, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh 2012/750/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ⁽³⁾.
- (2) Dhaingnigh gach Ballstát an Comhaontú seachas Poblacht na Cróite, a aontaíonn don Chomhaontú i gcomhréir le hIonstraim Aontachais 2012. An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach ⁽⁴⁾ a chur san áireamh, síníodh é an 3 Bealtaine 2016 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/803 ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.
- (4) Áirítear, in Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2012/750/AE, forálacha áirithe maidir le cinnteoireacht agus ionadaíocht i dtaca le hábhair éagsúla a leagtar amach sa Chomhaontú. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 28 Aibreán 2015 i gCás C-28/12 ⁽⁶⁾, *Coimisiún v Comhairle*, ba cheart deireadh a chur le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin. Ag féachaint do na Conarthaí, níl gá le forálacha nua maidir leis na hábhair sin agus níl gá a thuilleadh leis na forálacha a bhaineann le faisnéis a sholáthar don Choimisiún a leagtar amach in Airteagal 5 de Chinneadh 2012/750/AE. Dá thoradh sin, ba cheart go scoirfeadh míreanna 2 go 5 d'Airteagal 3 agus Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Chinneadh 2012/750/AE d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO L 334, 6.12.2012, lch. 3.

⁽³⁾ Cinneadh 2012/750/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 15 Deireadh Fómhair 2010, maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile (IO L 334, 6.12.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ IO L 132, 21.5.2016, lch. 81.

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2016/803 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 132, 21.5.2016, lch. 79).

⁽⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Aibreán 2015, *Coimisiún v Comhairle*, Cás C-28/12, ECLI:EU:C:2015:282.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais ^(?).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 29(1) den Chomhaontú.

Airteagal 3

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le cinntú an Chomhchoiste faoi phointe (a) d'Airteagal 26(6) den Chomhaontú maidir le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá, cuirfidh an Coimisiún in iúl é, tar éis dó é a chur faoi bhráid na Comhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin le haghaidh comhairliúcháin, de réir mar a chinneadh an Chomhairle.

Airteagal 4

Ba cheart go scoirfeadh míreanna 2 go 5 d'Airteagal 3 agus Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Chinneadh 2012/750/AE d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A METELKO-ZGOMBIĆ

(?) Foilsíodh an Comhaontú in IO L 334, 6.12.2012, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2020/954 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Meitheamh 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir leis an bhfógra a thabhairt faoi rannpháirtíocht shaorálach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) ón 1 Eanáir 2021 agus an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta (“Coinbhinsiún Chicago”) i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis agus is é is aidhm dó aeriompar idirnáisiúnta a rialú.
- (2) Is Stáit chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit uile an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad uile, cé go bhfuil stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.
- (3) I mí na Nollag 2015, ghlac an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide Comhaontú Pháras ⁽¹⁾. Áirítear ar chuspóirí Chomhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis na laghduithe astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta.
- (4) In 2016, trí bhíthin Rún A39-3, chinn 39ú Tionól ICAO scéim beart margadhbhunaithe domhanda a chur chun feidhme i bhfoirm na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó eitlíocht idirnáisiúnta a theorannú do na leibhéil ag a bhfuil siad in 2020. Bunaíodh seasamh an Aontais i leith mionsaothrú agus glacadh na scéime sin agus a eilimintí mionsonraithe éagsúla le Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle ⁽²⁾.
- (5) An 27 Meitheamh 2018, ag an deichiú cruinniú dá 214ú seisiún, ghlac Comhairle ICAO an chéad eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago: an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) (“Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV”).

⁽¹⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2016/915 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ionstraim idirnáisiúnta atá le tarraingt suas laistigh de chomhlachtaí ICAO agus a bhfuil sé beartaithe gurb é a thiocfadh aisti cur chun feidhme birt domhanda mhargadhbhunaithe aonair le haghaidh astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta ó 2020 (IO L 153, 10.6.2016, lch. 32).

- (6) In 2017, rinne Rialachán (AE) 2017/2392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (³), leasú ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁴). Ba é ceann de chuspóirí an Rialacháin sin cur chun feidhme CORSIA ó 2021 a ullmhú, ceanglais a leagan síos faoi dhlí an Aontais le haghaidh faireachán, tuairisciú agus fíorú chun críoch CORSIA, agus tuairisciú ar chur chun feidhme CORSIA agus athbhreithniú a dhéanamh air.
- (7) Tá na rialacha in Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV le teacht chun bheith ceangailteach i gcomhréir le Coinbhinsiún Chicago, agus laistigh de na teorainneacha leagtar amach ann. Tá na rialacha sin le teacht chun bheith ina gceangal ar an Aontas agus ar na Ballstáit, faoi chomhaontuithe aeriompair idirnáisiúnta atá ann faoi láthair.
- (8) Ionas gur féidir le ICAO aird iomlán a thabhairt ar an gcreat dlíthiúil ar leibhéal an Aontais faoi láthair, tá fógra tugtha ag na Ballstáit faoi dhifriochtaí i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle (⁵). Faoi Chinneadh (AE) 2018/2027, tá feidhm le Treoir 2003/87/CE, mar atá faoi láthair, gan beann ar náisiúntacht an oibreora aerárthaí agus i bprionsabal, cumhdaítear léi eitiltí a imíonn ó aeradróm nó a thagann isteach in aeradróm atá i gcríoch Ballstáit lena mbaineann an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“CFAE”). Tá feidhm ag Treoir 2003/87/CE gan idirdhealú maidir le heitiltí laistigh de na Ballstáit agus/nó tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus eatarthu sin. Ag an gcéim seo, tá feidhm ag na rialacha sin maidir le ceanglais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) agus maidir le ceanglais fritháirithe ar aon.
- (9) Faoi réir na ndifriochtaí ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/2027, ionchorpraíodh ceanglais MRV a leagtar amach in Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV agus is infheidhme amhail ón 1 Eanáir 2019 i ndlí an Aontais trí bhithín Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 (⁶) agus (AE) 2018/2067 (⁷) ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/1603 (⁸) ón gCoimisiún. Faoi na Rialacháin sin, déanfar sonraí maidir le hastaíochtaí a bhailiú agus a tharchur chuig Ardruánaíocht ICAO i leith astaíochtaí le linn na céime píolótaí.
- (10) De bhun mhíreanna 3.1.3 agus 3.2.1 de Chaibidil 3 de Chuid II agus Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, ceanglaítear ar na Stáit chonarhacha fógra a thabhairt do ICAO maidir lena gcinneadh a bheith rannpháirteach go saorálach in CORSIA, nó gan a bheith rannpháirteach go saorálach a thuilleadh in CORSIA ón 1 Eanáir 2021. Tá ceangal ar na Stáit chonarhacha freisin fógra a thabhairt do ICAO maidir leis an rogha a roghnaigh siad chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023. Tá ceangal orthu na fógraí sin a thíolacadh faoin 30 Meitheamh 2020.
- (11) Is é a thagann as na forálacha sin, go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla áirithe Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV coinníollach ar fhógraí ábhartha a thíolacadh chuig ICAO agus ar théarmaí na bhfógraí sin. Dá bhrí sin, tagann an tAontas do ghlacadh seasamh i leith na bhfógraí sin faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE.

³) Rialachán (AE) 2017/2392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun leanúint ar aghaidh leis na teorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar an raon feidhme do ghníomhaíochtaí eitlíochta agus chun ullmhú le beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme ó 2021 (IO L 350, 29.12.2017, lch. 7).

⁴) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁵) Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagraín de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25).

⁶) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1)

⁷) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le sonraí fíoraithe agus maidir le creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94).

⁸) Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun críche beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).

- (12) I ndáil leis sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de ICAO a bhunú, ag féachaint do na ceanglais faoi Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV maidir le fógra a thabhairt, go háirithe mar go bhféadfadh rannpháirtíocht shaorálach in CORSIA agus an rogha a roghnaítear faoi mhír 3.2.1 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV tionchar cinntitheach a imirt ar chearta agus oibleagáidí i réimse a chumhdaítear le dlí an Aontais, go háirithe Treoir 2003/87/CE agus, go pointe áirithe, Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (13) Dhearbhaigh an tAontas agus na Ballstáit arís is arís eile ⁽¹⁰⁾ go bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh in CORSIA ón 1 Eanáir 2021.
- (14) Tugtar le tuiscint le rannpháirtíocht shaorálach in CORSIA nach mór, i gcomhréir le mír 3.2.1 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, rogha a roghnú chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023. I ndáil leis sin, is iomchuí na ríomhanna a bhunú ar na hastaíochtaí le linn 2021, 2022, agus 2023, faoi seach. Is dócha go mbeidh an rogha sin chun sochair níos mó ó thaobh comhshaoil agus iompair idirnáisiúnta de ná an rogha eile atá ar fáil, is é sin na ríomhanna a bhunú ar na hastaíochtaí le linn 2020, ós rud é go meastar go mbeidh na hastaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta níos airde le linn 2021, 2022 agus 2023 ná le linn 2020 agus dá bhrí sin leanfaidh ceanglais fritháirithe níos airde as sin. D'áiritheofaí leis sin freisin leanúnachas níos mó, agus é á thabhairt ar aird, le haghaidh na mblianta ó 2024, go ndéantar foráil i mír 3.2.2 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV maidir le ríomh bunaithe ar an mbliain féin.
- (15) I dtaca le roghnú astaíochtaí le linn 2021, 2022 agus 2023, faoi seach, chun ceanglais fritháirithe oibreoirí aerárthaí a ríomh, bheadh feidhm aige sin le linn na tréimhse 2021-2023 maidir leis na hoibreoirí aerárthaí uile a sannadh don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir leis an eagrán is déanaí de dhoiciméad ICAO dar teideal 'CORSIA Aeroplane Operator to State Attributions' [Oibreoirí Aerárthaí arna Sannadh do Stáit faoi chuimsiú CORSIA] ⁽¹¹⁾.
- (16) Tá difríochtaí áirithe ann idir chreat Threoir 2003/87/CE agus Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV faoi láthair. Faoi Airteagal 28b(2) de Threoir 2003/87/CE, faoi cheann 12 mhí ón dáta a nglacfaidh ICAO na hionstraimí ábhartha, agus sula mbeidh CORSIA oibríochtúil, tá an Coimisiún le tuarascáil a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina bhfuil sé le breithniú a dhéanamh ar na bealaí chun na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2003/87/CE agus ina bhfuil sé le scrúdú a dhéanamh, i measc rudaí eile, ar uailmhian agus sláine fhoriomlán comhshaoil CORSIA, lena n-áirítear an uailmhian ghinearálta a bhaineann leis i ndáil leis na spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, i ndáil le leibhéal na rannpháirtíochta, lena infhorghníomhaitheacht, leis an trédhearcacht, leis na pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh, leis na próisis chun ionchur a fháil ón bpobal, le cáilíocht na creidmheasanna fritháirimh, leis an bhfaireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéantar ar astaíochtaí, cláir, agus cuntasacht mar aon le rialacha maidir le bithbheoíolaí a úsáid. Faoi Airteagal 28b(3) de Threoir 2003/87/CE, i gcás inarb iomchuí, tá an Coimisiún le togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ag gabháil leis an tuarascáil, ar togra é chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 28a den Treoir sin a leasú, a scriosadh, a leathnú nó a athchur, atá i gcomhréir le gealltanais uile-gheilleagair laghdaithe ghás ceaptha teasa an Aontais do 2030, leis an sprioc go gcaomhnófar sláine chomhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais.
- (17) Níor thíolaic an Coimisiún an tuarascáil go fóill. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 28b(2) de Threoir 2003/87/CE a thíolacadh mar ábhar práinne, agus an togra comhfhreagrach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag gabháil léi, a luaithe is féidir agus roimh dheireadh 2020.
- (18) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach a áirithiú go gcuirtear san áireamh go héifeachtach difríochtaí atá ann faoi láthair idir dlí an Aontais agus Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, chomh maith leis na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, d'fhonn creat dlíthiúil an Aontais a chaomhnú de réir mar is gá, lena n-áirítear saoirse an reachtóra cinneadh a dhéanamh maidir le scéim an Aontais amach anseo is infheidhme maidir leis an réimse lena mbaineann.
- (19) Dá bhrí sin, agus na fógraí ábhartha á dtabhairt do ICAO, ba cheart tagairt don difríocht ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/2027, a bhfuil feidhm aige maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an rannpháirtíocht shaorálach. Ós rud é nach mbaineann an difríocht sin, a mhéid a bhfuil sí fós ábhartha, ach le sannadh inniúlachta Stát vis-à-vis na n-oibreoirí éagsúla, ba cheart, an fhéidearthacht a fhorchoimeád, agus fógraí ábhartha á dtabhairt do ICAO, fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí breise.

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

⁽¹⁰⁾ Mar shampla "Dearbhú na Bratasláive", ICAO A39- WP/414 (<https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12029-2016-INIT/en/pdf>), ICAO A40- WP/102 <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10227-2019-REV-1/en/pdf>).

⁽¹¹⁾ <https://www.icao.int/environmental-protection/CORSIA/Pages/CCR.aspx>

- (20) Ba cheart go gcuirfeadh gach Ballstát den Aontas ar ball é de ICAO na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den ICAO in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is mar a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le fógra a thabhairt do ICAO faoi rannpháirtíocht shaorálach na mBallstát sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ó mhí Eanáir 2021: tabharfaidh gach Ballstát, ar ball é de ICAO, fógra do ICAO maidir leis an téacs seo a leanas faoin 30 Meitheamh 2020:

“De bhun mhír 3.1.3 de Chaibidil 3 de Chuid II agus Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta: Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA), tugann [Ballstát] fógra do ICAO maidir lena rannpháirtíocht shaorálach CORSIA ón 1 Eanáir 2021.”.

2. Is mar a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de ICAO maidir le fógra a thabhairt do ICAO i leith an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023: tabharfaidh gach Ballstát, ar ball é de ICAO, fógra do ICAO maidir leis an téacs seo a leanas, faoin 30 Meitheamh 2020:

“De bhun mhír 3.2.1 de Chaibidil 3 de Chuid II agus le Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta: Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA), tugann [Ballstát] fógra do ICAO gurb é an rogha a roghnaíodh chun críche ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023 ná OE = astaíochtaí CO₂ oibreora Aerárthaí a chumhdaítear le 3.1 sa bhliain ar leith y.”.

3. Cuirfear an téacs seo a leanas leis na fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo:

“Ní dochar an fógra seo do dhifríochtaí, faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, i ndáil le forálacha Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.”.

Airteagal 2

Maidir le gach Ballstát de chuid an Aontais ar comhalta de ICAO é, is é a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A.METELKO-ZGOMBIC

CINNEADH (CBES) 2020/955 ÓN gCOMHAIRLE
an 30 Meitheamh 2020

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 25 Samhain 2005, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ⁽¹⁾, lenar bunaíodh Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah).
- (2) An 28 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1115 ⁽²⁾, lenar leasaíodh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES agus lenar cuireadh síneadh léi go dtí an 30 Meitheamh 2020.
- (3) An 16 Aibreán 2020, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ('CPS') gur cheart, i ngeall ar phaindéim COVID-19, EU BAM Rafah a shíneadh leis an sainordú céanna, go ceann tréimhse bhreise 12 mhí, go dtí an 30 Meitheamh 2021, ar an tuiscint go mbeidh an Misean faoi réir Athbhreithniú Straitéiseach a luaithe a cheadófar sin sna himthosca.
- (4) Ba cheart méid tagartha airgeadais don tréimhse nua seo dar fad bliain amháin a dheonú do EU BAM Rafah.
- (5) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES a leasú dá réir.
- (6) Cuirfear EU BAM Rafah i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meathlú teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Is é EUR 2180000.00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EU BAM Rafah a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.”

- (2) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Rachaidh sé in éag ar an 30 Meitheamh 2021.”

⁽¹⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES an 25 Samhain 2005 ón gComhairle maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 327, 14.12.2005, lch. 28).

⁽²⁾ Cinneadh 2019/1115 (CBES) ón gComhairle an 28 Meitheamh 2019 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 176, 1.7.2019, lch. 6).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 150 an 7 Meitheamh 2019)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 7 Meitheamh 2019)

1. Ar leathanach 261, an dara fomhír d'Airteagal 21a(2) nua:

in ionad: “[...] Sa chás sin, déanfar an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 22(3) a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 20 lá oibre go dtí go mbeidh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo curtha i gcrích.”

léitear: “[...] Sa chás sin, déanfar an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 22(2) a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 20 lá oibre go dtí go mbeidh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo curtha i gcrích.”

2. Ar leathanach 264, Airteagal 21b(8) nua:

in ionad: “8. De mhaolú ar mhír 1, beidh, ag grúpaí tríú tír a oibríonn trí níos mó ná institiúid amháin san Aontas agus ar fiú méid iomlán shócmhainní an ghrúpa sin EUR 40 billiún nó níos mó ar 27 Meitheamh 2019...”

léitear: “8. De mhaolú ar mhír 1, beidh, ag grúpaí tríú tír a oibríonn trí níos mó ná institiúid amháin san Aontas agus arb ionann méid iomlán na sócmhainní san Aontas atá acu agus EUR 40 billiún nó ar mó ná sin é an 27 Meitheamh 2019...”

3. Ar leathanach 276, Airteagal 104a(4) nua:

in ionad: “4. Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) le cistí dílse a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
(a) comhlíonfar ar a laghad trí cheathrú den cheanglas cistí dílse breise le caipiteal Leibhéal 1;
(b) beidh ar a laghad trí cheathrú de chaipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (a) comhdhéanta de chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar an institiúid an ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh le cion níos mó de chaipiteal Leibhéal 1, nó de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar gá agus ag féachaint d'ímthosca sonracha na hinstitiúide.

[...]”

léitear: “4. Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) chun aghaidh a thabhairt ar phriacail seachas priacail an luamhánaithe iomarcaigh le cistí dílse a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar ar a laghad trí cheathrú den cheanglas cistí dílse breise le caipiteal Leibhéal 1;
(b) beidh ar a laghad trí cheathrú de chaipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (a) comhdhéanta de chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) chun aghaidh a thabhairt ar phriacal an luamhánaithe iomarcaigh le caipiteal Leibhéal 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus an dara fhomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar an institiúid an ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh le cion níos mó de chaipiteal Leibhéal 1, nó de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar gá agus ag féachaint d'imthosca sonracha na hinstitiúide.

[...].”

4. Ar leathanach 290, pointe (b) den dara fhomhír d'Airteagal 141(2) arna leasú:

in ionad: “(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid na ceanglais maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó”,

léitear: “(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó”.

5. Ar leathanach 291, pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 141(6) arna leasú:

in ionad: “(d) nuair atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh agus...”,

léitear: “(d) nuair atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh agus...”.

6. Ar leathanach 292, pointe (b) den dara fhomhír d'Airteagal 141b(2) nua:

in ionad: “(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid na ceanglais maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó”,

léitear: “(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid an ceanglas maoláin um chóimheas luamhánaithe a chomhlíonadh; nó”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

